Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 27 Samhain 2015**
**(OR. en)**

**14708/15**

**WTO 257**
**SERVICES 45**
**FDI 21**
**COMER 151**
**DEVGEN 247**
**RELEX 977**
**COMPET 549**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | Beartas trádála agus infheistíochta an Aontais Eorpaigh<br>- Conclúidí ón gComhairle |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo na Conclúidí ón gComhairle maidir le beartas trádála agus infheistíochta an Aontais Eorpaigh, mar a ghlac an Chomhairle iad an 27 Samhain 2015.

**Conclúidí ón gComhairle maidir le beartas trádála agus infheistíochta an Aontais Eorpaigh**

1. Ag meabhrú di na Conclúidí a ghlac an Chomhairle Eorpach an 7/8 Feabhra 2013 agus na Conclúidí a ghlac sí maidir le Trádáil an 21 Samhain 2014, is díol sásaimh don Chomhairle tríd is tríd an Teachtaireacht ón gCoimisiún, an 14 Deireadh Fómhair 2015, dar teideal "Trádáil do Chách: Faoi thuairim beartas trádála agus infheistíochta níos freagraí a chothú". Tugann an Chomhairle dá haire na conclúidí agus na moltaí atá sa Teachtaireacht, lena réitítear an bealach do chlár oibre uaillmhianach don trádáil agus don infheistíocht, i gcomhréir le caidreamh seachtrach agus beartais ábhartha eile an Aontais Eorpaigh.

2. Tá an Chomhairle fós lántiomanta do chóras láidir iltaobhach trádála atá bunaithe ar rialacha, agus tacaíonn sí go láidir le cur chuige uaillmhianach an Choimisiúin i ndáil leis sin. Sa bhreis air sin, tacaíonn sí le neartú an chórais iltaobhaigh, lena n-áirítear réiteach díospóidí ar cheann dá phríomhcholúin, bunaithe ar Eagraíocht Dhomhanda Trádála a bheith ann atá láidir agus éifeachtach, a fhreagraíonn do dhúshláin trádála domhanda atá anois ann agus a bheidh amach anseo ann, agus is fearr a léiríonn cumais chomhaltaí eile EDT cur leis an gcóras. D'fhonn iontaoibh agus muinín sa chóras iltaobhach trádála a chothú agus d'fhonn borradh a chur faoin trádáil idirnáisiúnta, tá sé tábhachtach go mbeidh rath ar Chomhdháil Aireachta na hEagraíochta Domhanda Trádála (CA10) i Nairobi agus go dtiocfadh torthaí nithiúla, cothroma agus suntasacha aisti chomh maith le dul chun cinn ar na saincheisteanna atá fós gan réiteach maidir le Clár Oibre Doha um Fhorbairt (DDA). Tar éis don Aontas Eorpach Comhaontú na hEagraíochta Domhanda Trádála um Éascú Trádála (TFA) a dhaingniú, tá an Chomhairle ag súil anois go gcomhlíonfaidh comhpháirtithe eile na hEagraíochta Domhanda Trádála gan mhoill na céimeanna nós imeachta uile atá riachtanach, ionas go bhféadfaidh cuideachtaí, go háirithe sna tíortha atá i mbéal forbartha, tairbhe a bhaint as buntáistí nithiúla TFA a luaithe agus is féidir. Tá an tAontas tiomanta freisin bealaí a fhiosrú chun gur fearr a fheidhmeoidh an córas iltaobhach trádála sa todhchaí agus tá sé sásta cuimhneamh ceisteanna nua a chur ar an gclár oibre trádála amach anseo.

3. Tá an Chomhairle ag súil le dul chun cinn pras a dhéanamh sa chaibidlíocht ilpháirtí, lena n-áirítear an Comhaontú maidir le Trádáil i Seirbhísí (TiSA) agus, faoin deichiú Comhdháil Aireachta de chuid na hEagraíochta Domhanda Trádála, leathnú amach a bheith déanta ar an gComhaontú ar Theicneolaíocht na Faisnéise agus toradh fiúntach a bheith bainte amach maidir leis an gComhaontú faoi Earraí Comhshaoil. Ba cheart go gcabhródh na comhaontuithe sin, agus aon tionscnaimh nua ilpháirtí ó chomhaltaí na hEagraíochta Trádála Domhanda, leis an trádáil dhomhanda a neartú, leis an bhfás a chothú agus poist a chruthú, agus ba cheart freisin go mbeadh na comhaontuithe sin mar bhonn do chomhaontuithe iltaobhacha amach anseo.

4. Tacaíonn an Chomhairle le cur i gcrích comhaontuithe déthaobhacha trádála agus infheistíochta a bheadh uaillmhianach, cuimsitheach agus a rachadh chun tairbhe an dá pháirtí agus iarrann sí ar an gCoimisiún féachaint leis an gcaibidlíocht a bhrú ar aghaidh leis na Stáit Aontaithe, leis an tSeapáin agus leis na comhpháirtithe tábhachtacha i Meiriceá Laidineach agus i réigiún an Aigéin Chiúin agus na hÁise. Is díol sásaimh di na torthaí diongbháilte dearfacha atá ag eascairt as cur chun feidhme an chomhaontaithe saorthrádála idir an tAontas Eorpach agus an Chóiré Theas, arb é an chéad socrú trádála déthaobhach den ghlúin nua é agus arb é an ceann is uaillmhianaí é a chuir an tAontas chun feidhme go dtí seo. Is díol sásaimh don Chomhairle freisin an dul chun cinn a rinneadh i gcomhthéacs na gComhaontuithe um Chomhpháirtíocht Eacnamaíoch leis na Stáit san Afraic, i Muir Chairib agus san Aigéan Ciúin (ACC) agus tá sí ag súil le bogadh ar aghaidh go mear le síniú, daingniú agus cur chun feidhme na gcomhaontuithe sin. Ba cheart freisin tabhairt faoi chomhtháthú trádála agus eacnamaíoch chomharsanacht Oirthear agus Dheisceart na hEorpa san Aontas a threisiú, agus uaillmhianta éagsúla na dtíortha comhpháirtíochta á gcur san áireamh, d'fhonn limistéar a fhorbairt ina mbeadh cobhsaíocht, slándáil agus rath i bpáirt.

5. Is díol sásaimh don Chomhairle an clár uaillmhianach a leag an Coimisiún amach ina Teachtaireacht don chaibidlíocht a dhéanfar amach anseo ar an trádáil dhéthaobhach agus leagann an Chomhairle béim ar an ngá atá le haon chinneadh maidir le caibidlíocht a thosú a mheas ar bhonn cás ar chás agus leasanna ionsaitheacha agus cosanta an Aontais chomh maith leis an gcomhthéacs leathan polaitiúil á gcur san áireamh agus tús áite á thabhairt don chaibidlíocht sin is mó a rachaidh chun tairbhe ó thaobh an fháis agus na bpost de. Ba cheart do na comhaontaithe déthaobhacha, réigiúnacha agus ilpháirtí a chéile a chomhlánú, ba cheart dóibh a bheith trédhearcach agus comhsheasmhach agus cabhrú le córas iltaobhach trádála treisithe a bhaint amach faoi rialacha na hEagraíochta Trádála Domhanda.

6. Tá an Chomhairle ar aon intinn gur cheart gur chun leas gach duine a bheadh an trádáil, idir thomhaltóirí, oibrithe agus oibreoirí eacnamaíocha, agus ba cheart go mbeadh an trádáil ag teacht le beartais eile de chuid an Aontais. Leagann an Chomhairle béim ar a thábhachtaí atá na beartais eacnamaíochta agus sóisialta, na beartais i ndáil leis an gcomhshaol agus an margadh saothair, idir bheartais náisiúnta agus bheartais Eorpacha, ó thaobh cabhrú le hoibrithe agus le gnóthaí iad féin a chur in oiriúint don athrú leanúnach atá ag tarlú sa gheilleagar domhanda, le cinntiú go gcuirfidh siad feabhas ar a gcumas iomaíochta idirnáisiúnta, go mbeidh siad in ann glacadh le deiseanna margaidh nua agus le go ndáilfear tairbhí an domhandaithe ar bhealach cothrom agus go ndéanfar na héifeachtaí diúltacha a laghdú. Dearbhaíonn an Chomhairle nach mbeidh caighdeáin níos ísle cosanta ann do thomhaltóirí, sa tsláinte, sa chomhshaol, sa réim sóisialta nó sa mhargadh saothair mar thoradh ar chomhaontuithe trádála an Aontais Eorpaigh, agus gur chun feabhais a bheidh aon athrú a thiocfaidh sna leibhéil cosanta sin agus go ndéanfar ceart rialála na rialtas a urramú go huile agus go hiomlán.

7. Leis na hathruithe eacnamaíocha atá ag tarlú ar fud an domhain, beidh ar an Eoraip dul níos gaire d'fhoinsí nua an fháis dhomhanda má táthar chun an téarnamh eacnamaíoch a chur ar bhonn seasta agus tuilleadh fostaíochta agus fostaíocht ar chaighdeán níos airde a chruthú chun fadhb na dífhostaíochta ar ár mór-roinn, go háirithe i measc na n-óg, a réiteach. Agus sainiúlachtaí agus leasanna an Aontais Eorpaigh á gcur san áireamh, ba cheart go gcuirfí comhdheiseanna ar fáil, le comhaontuithe trádála, ar fud Bhallstáit agus réigiúin an Aontais, lena n-áirítear na réigiúin is forimeallaí agus na críocha thar lear, agus sna hearnálacha ábhartha ar fad, lena n-áirítear an tionscal, an talmhaíocht agus seirbhísí. Sa chomhthéacs sin, leagann an Chomhairle béim ar a thábhachtaí atá sé cabhrú le cuideachtaí Eorpacha iad féin a chomhtháthú i slabhraí domhanda breisluacha, go háirithe na fiontair bheaga agus mhéanmhéide, agus go bhfeabhsófaí an comhtháthú sin.

8. I bhfianaise a thábhachtaí atá na fiontair bheaga agus mheánmhéide san Aontas Eorpach, an ról atá acu ó thaobh chruthú na fostaíochta de agus an méid a chuireann siad le trádáil an Aontais, leagann an Chomhairle béim ar a riachtanaí atá sé costais trádála a laghdú do FBManna trí nósanna imeachta custaim a shruthlíniú, bacainní nach bacainní taraife iad, agus ualaí rialála a laghdú, agus na seirbhísí atá riachtanach don trádáil a neartú. Dá bhrí sin, is díol sásaimh don Chomhairle go bhfuil sé beartaithe ag an gCoimisiún dul i ngleic leis na saincheisteanna sin trí fhorálacha a bheidh dírithe ar FBManna a chur isteach agus comhaontuithe trádála á gcaibidliú, le go mbeidh FBManna in ann leas níos éifeachtaí a bhaint as na fabhair thrádála.

9. Is é an tAontas Eorpach an t-onnmhaireoir is mó ar domhan de sheirbhísí a sheachadtar ar bhealach digiteach, agus mar sin teastaíonn straitéis uaillmhianach, réamhghníomhach uaithi chun tairbhe a bhaint as an digitiú, i gcomhréir leis an Margadh Aonair Digiteach agus na beartais ábhartha. Leis sin, caithfear dul i ngleic le cineálacha nua bacainní trádála a bhfuil na gnólachtaí Eorpacha ar fad, bíodh siad beag nó mór, thíos leo, cosúil le rialacha neamh-thrédhearcacha, cur isteach míchuí ó rialtais, agus ceanglais gan údar i ndáil le logánú sonraí agus stóráil sonraí. Leagann an Chomhairle béim ar a thábhachtaí atá sé go dtabharfaí cothrom na Féinne do chách i réimse na trádála digití agus tacaíonn go láidir leis an gcuspóir atá ag an gCoimisiún i ndáil leis sin a bhaint amach, ag cloí go hiomlán le rialacha an Aontais maidir le cosaint sonraí agus príobháideachas sonraí agus gan dochar do na rialacha sin, ar rialacha iad nach ndéantar a chaibidliú i dtaca le comhaontuithe trádála agus nach mbíonn éifeacht ag na comhaontuithe sin orthu.

10. Meabhraítear don Chomhairle go bhfuil an trádáil i seirbhísí ag éirí níos tábhachtaí do gheilleagar an Aontais agus go bhfuil sí fite fuaite leis an trádáil in earraí. Dá bhrí sin, caithfear féachaint, le beartas trádála an Aontais, le feabhas a chur ar an rochtain ar an margadh i gcás earraí agus seirbhísí araon, agus caithfear feabhas a chur ar shoghluaisteacht lucht ardoilte soláthraithe seirbhísí, lena n-áirítear a gcuid cáilíochtaí a aithint. Athdhearbhaíonn an Chomhairle freisin nach gceanglaítear agus nach gceanglófar ar rialtais, le comhaontuithe trádála agus infheistíochta an Aontais, aon seirbhís phoiblí a phríobháidiú, agus nach gcuirtear agus nach gcuirfear bac orthu, ar leibhéal ar bith, ó chosaint, tacaíocht nó rialáil a dhéanamh i ndáil le seirbhísí poiblí, amhail uisce, oideachas, cultúr, sláinte nó seirbhísí sóisialta, nó ó chur le raon na seirbhísí a chuirtear ar fáil don phobal.

11. Cuireann an Chomhairle i bhfios go láidir gur den riachtanas í an infheistíocht, idir thar teorainn isteach agus amach, do gheilleagar na hEorpa agus le go mbeidh rath ar chuideachtaí. Maidir leis an mbeartas infheistíochta, ar réimse faoi inniúlacht agus freagracht chomhroinnte é, leagann an Chomhairle béim ar a riachtanaí atá sé na hinfheistíochtaí a chur chun cinn agus a chosaint agus cothrom na Féinne a bheith ar fáil do gach infheisteoir. Is díol sásaimh di an cur chuige nuálach agus uaillmhianach atá ag an gCoimisiún i ndáil le nuachóiriú chosaint na hinfheistíochta, agus tugann sí dá haire gur cuireadh togra caibidlíochta chuig na Stáit Aontaithe i ndáil leis sin. Tugann an Chomhairle dá haire freisin an rún atá ag an gCoimisiún féachaint an bhféadfaí an cur chuige sin a úsáid, i gcás inarb iomchuí, i gcomhaontuithe trádála eile an Aontais agus obair a dhéanamh arb í an sprioc dheiridh a bheadh léi cúirt iltaobhach infheistíochta a bhunú. Is díol sásaimh don Chomhairle gur gealladh go n-urramófar ceart rialála na rialtas.

12. Cuireann an Chomhairle i bhfios go láidir gur gá sochair na trádála oscailte a thapú, de mheon na cómhalartachta agus na tairbhe frithpháirtí, agus leibhéal forbartha na dtríú tíortha á chur san áireamh. Braitheann trádáil oscailte freisin ar iomaíocht chothrom, neamhshaofa a bheith ann, agus tairbhíonn sí den iomaíocht sin. Is den ríthábhacht mar sin, go gcuirfí i gcoinne gach cineál caomhnaitheachta trí na bacainní ar thrádáil a laghdú, lena n-áirítear na bacainní nach bacainní taraife iad, trí rochtain níos fearr ar an margadh, trí dhálaí iomchuí infheistíochta a chur chun cinn, lena n-áirítear dálaí cosanta na hinfheistíochta, cearta maoine intleachtúla a fhorfheidhmiú agus a chur chun cinn (táisc gheografacha, paitinní, dearthaí, trádmharcanna agus cóipcheart san áireamh), margaí soláthair phoiblí a oscailt, agus rochtain ar fhuinneamh, amhábhair agus ar chomhpháirteanna a shlándaingniú. Spreagann sí an Coimisiún leanúint de na hiarrachtaí atá á ndéanamh i ndáil le margaí a oscailt, comhar treisithe i ndáil leis an rialáil idirnáisiúnta, agus caighdeáin dhomhanda a ardú, chomh maith le dul i ngleic le bacainní trádála agus cleachtais éagóracha trádála, lena n-áirítear trí úsáid a bhaint as raon iomlán ionstraimí beartas trádála an Aontais. Tacaíonn sí chomh maith leis an gCoimisiún ina chuid iarrachtaí chun an comhlíonadh agus an forfheidhmiú a áirithiú i ndáil le rialacha EDT agus cur chun feidhme níos fearr do chomhaontuithe déthaobhacha trádála agus infheistíochta an Aontais féin.

13. Aithníonn an Chomhairle go bhfuil an Coimisiún, na Ballstáit, Parlaimint na hEorpa agus na geallsealbhóirí freagrach i gcomhpháirt le chéile as beartas trádála agus comhaontuithe an Aontais a chur chun feidhme ar bhealach níos fearr, lena ndéanfar comhar éifeachtach agus comhairliúcháin thráthúla a fhothú, agus is díol sásaimh di an chomhpháirtíocht fheabhsaithe a bheartaítear le haghaidh cur chun feidhme d'fhonn uasmhéadú a dhéanamh ar na sochair a eascraíonn as comhaontuithe trádála agus infheistíochta. Meabhraíonn an Chomhairle di an tábhacht a bhaineann le neamh-idirdhealú na mBallstát mar aon le sláine an mhargaidh aonair a mhéid a bhaineann le fabhair thrádála a dheonaíonn tríú tíortha. Is díol sásaimh di an rún atá ag an gCoimisiún na measúnuithe tionchair "ex-ante" a fheabhsú, tuarascáil bhliantúil a chur ar fáil maidir le cur chun feidhme na gComhaontuithe Saorthrádála agus dlús a chur lena chuid oibre maidir le meastóireachtaí tionchair "ex-post".

14. Ní mór ardleibhéal trédhearcachta a bheith ag gabháil le beartas freagrach trádála de chuid an Aontais mar aon le cumarsáid éifeachtach a dhéanamh le saoránaigh faoi na buntáistí agus na dúshláin a bhaineann leis an trádáil agus le margaí oscailte. Mar gheall ar an dlús a cuireadh leis an díospóireacht ar bheartas trádála AE, tá deis anois ann na geallsealbhóirí uile a rannpháirtiú in ullmhú, i gcaibidliú agus i gcur chun feidhme na dtionscnamh éagsúil atá sa réimse sin . I ndáil leis an méid sin, ba cheart urraim a léiriú don chothromaíocht institiúideach atá ann faoi láthair agus do na rialacha atá infheidhme maidir le faisnéis rúnaicmithe agus gan dochar a bheith á dhéanamh do sheasamh caibidlíochta AE nó don chaidreamh idirnáisiúnta.

15. Ní fhéadfaidh an tAontas Eorpach an domhandú a mhúnlú agus a pháirt féin a ghlacadh chun rialacha stóinsithe a tharraingt aníos sa todhchaí ach amháin trí chlár oibre le haghaidh beartas trádála a bheidh uaillmhianach agus freagrach, ina n-áirítear beartais ábhartha eile freisin. Tá rún daingean ag an gComhairle, mar sin, a áirithiú go gcosnófar, leis na comhaontuithe trádála, na luachanna atá mar bhunchloch ag an Aontas, mar aon le caighdeáin agus cleachtais rialála an Aontais. Áirítear leis seo bearta a neartú chun tacú le forbairt inbhuanaithe agus dea-rialachas trí chomhaontuithe trádála, tionscnaimh il-gheallsealbhóirí agus uile, agus béim á leagan ar thrádáil shaor, chothrom agus eiticiúil, cosaint an chomhshaoil, cearta oibre, dálaí oibre cuibhiúla, chomh maith le cearta an duine, sláinte agus cosaint tomhaltóirí, leas ainmhithe, cosaint na héagsúlachta cultúrtha a áirithiú agus forbairt a chur chun cinn trí thrádáil, lena n-áirítear Cúnamh don Trádáil agus Clár Oibre 2030. Tá sé fíorthábhachtach, dar leis an gComhairle, a áirithiú go gcuimseofar agus go gcuirfear chun feidhme go héifeachtach, forálacha gaolmhara i ngach comhaontú trádála agus sa Chóras Ginearálaithe um Fhabhair.

16. Ní mór don Aontas a bheith ar thús cadhnaíochta sa seasamh i gcoinne na héillitheachta agus tá súil in airde ag an gComhairle leis na tograí ón gCoimisiún faoin gcaoi ina bhféadfar dul i ngleic le saincheisteanna a bhaineann le comhaontuithe trádála. Ní mór an fhreagracht shóisialta chorparáideach agus an dícheall cuí a bhreisiú, go háirithe maidir le slabhraí luacha domhanda. Tacóidh an tAontas leis na tíortha comhpháirtíochta, agus go háirithe na tíortha is lú forbairt, leas a bhaint as slabhraí luacha domhanda atá freagrach, chun an fás cuimsitheach inbhuanaithe a chothú, poist a chruthú agus iomaíochas a neartú.